RÁITEAS DEIREADH BLIANA 2024
END OF YEAR STATEMENT 2024

Foras na Gaeilge

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH
CHAIRPERSON'S STATEMENT

Mar Chathaoirleach Fhoras na Gaeilge, is cúis bhróid dom Ráiteas Deireadh Bliana 2024 a chur faoi do bhráid. Léiríonn an cháipéis seo a bhfuil bainte amach againn trínár gcuid oibre sa phobal trí dheontais a chur ar fáil, trí fhostaíocht a chruthú, agus trí úsáid agus forbairt na Gaeilge a chur chun cinn in iliomad réimsí den saol.

Agus Foras na Gaeilge ag ceiliúradh cúig bliana is fiche ar an bhfód in 2024, ba thráthúil dúinn an chéad chomhdháil idirnáisiúnta faoin bpróiseas pleanála teanga don Ghaeilge a eagrú. D'fhreastail Foras na Gaeilge ar an éileamh leanúnach ar leabhair Ghaeilge nuair a sháraigh díolachán ÁIS €1m in 2024. Cuirfidh an maoiniú breise os cionn €1.5 milliún a cheadaigh Rialtas na hÉireann dúinn ar ár gcumas níos mó forbartha fós a dhéanamh i réimsí na foilsitheoireachta agus na scríbhneoireachta trí Chlár na Leabhar Gaeilge agus ÁIS le linn 2025.

Ba ábhar bróid do Bhord Fhoras na Gaeilge 536 deontas a chur ar fáil fud fad an oileáin agus maoiniú a dhéanamh ar 220 post in earnáil na Gaeilge, idir Cheanneagraíochtaí, chomhpháirtithe agus ghrúpaí eile.

I measc na mbuaicphointí atá beartaithe againn in 2025 tá Treo Straitéiseach nua do 2025-2030, pleananna teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta, mórthionscadal taighde ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge, foclóir nua Gaeilge-Gaeilge ar líne agus obair mhór ar son na haeráide agus an chomhionannais.

Regina Uí Chollatáin

AN tOLLAMH REGINA UÍ CHOLLATÁIN

As Chairperson of Foras na Gaeilge, I am proud to present the End of Year Statement for 2024. This document illustrates what we have achieved through our work in the community by awarding grants, by creating employment and by promoting the use and development of Irish in several areas of life and society.

As Foras na Gaeilge celebrated 25 years in existence in 2024, it was timely for us to host the first international conference about the language planning process for Irish. Foras na Gaeilge met the ongoing demand for Irish language books when ÁIS exceeded sales of €1m in 2024. Additional funding of over €1.5 million granted by the Government of Ireland will allow us to develop further the areas of publishing and writing through Clár na Leabhar Gaeilge and ÁIS during 2025.

The Board of Foras na Gaeilge was proud to provide 536 grants throughout the island and to fund 220 jobs in the Irish language sector, including Lead Organisations, partners and other groups.

Among the highlights planned for 2025 are a new Strategic Direction for 2025-2030, language plans for Gaeltacht Service Towns, a major research project on public attitudes to Irish, a new online Irish-Irish dictionary and major work on climate action and equality.

Regina Uí Chollatáin

PROFESSOR REGINA UÍ CHOLLATÁIN

2024 Buaicphointí Highlights

Foras na Gaeilge
forasnagaeilge.ie

ÁIS

€1m
Díolachán leabhar ag ÁIS
Book sales through ÁIS

RTÉ

137
Daoine as 137 tír páirteach i mórfheachtas feasachta Creidim Ionat le tacaíocht ó RTÉ
People from 137 countries involved in major awareness campaign Creidim Ionat with support from RTÉ

creidim ionat

25 Bliain Foras na Gaeilge

Foras na Gaeilge ag ceiliúradh 25 bliain ar an bhfód
Foras na Gaeilge celebrated 25 years in existence

302
Scoláireacht Gaeltachta curtha ar fáil
Gaeltacht scholarships provided

Comhdháil Pleanála Teanga

170
Duine i láthair ag an gcéad chomhdháil idirnáisiúnta faoin bpróiseas pleanála teanga don Ghaeilge
Delegates attend first international conference on Irish language planning process

Tús curtha le mórthionscadal taighde ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge
Major new research project on public attitudes to Irish commenced

97
Féile agus mórimeacht ealaíon maoinithe
Festivals and major arts events funded

536
Deontas bronnta
Grants awarded

LOVE LEABHAR GAEILGE

Geansaithe Móra (LeabhairCOMHAR) le Gearóidín Nic Cárthaigh a bhuaigh gradam Love Leabhar Gaeilge (An Post Irish Book Awards 2024)
Geansaithe Móra (LeabhairCOMHAR) by Gearóidín Nic Cárthaigh won Love Leabhar Gaeilge award (An Post Irish Book Awards 2024)

8,000
Cóip d'úrscéal Tristan Rosenstock (foilsithe ag LeabhairCOMHAR) curtha i gcló do Lá Domhanda na Leabhar
Copies of Tristan Rosenstock's novel (published by LeabhairCOMHAR) printed for World Book Day

220
Post maoinithe in earnáil na Gaeilge
Jobs funded in the Irish language sector

10
Q-Mharc Gnó le Gaeilge bronnta ar chomhlachtaí
Q-Mharc Gnó le Gaeilge (bilingual excellence in business) awarded to companies

foclóir.ie
téarma.ie

1.8m
Cuairteoir ar Foclóir.ie agus 977,000 cuairteoir ar Téarma.ie
Visitors to Foclóir.ie and 977,000 visitors to Téarma.ie